Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7331/22**

**CLIMA 120**
**ENV 252**
**AGRI 109**
**FORETS 18**
**ONU 41**
**CODEC 334**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An pacáiste 'Oiriúnach do 55': gnéithe talmhaíochta d'athbhreithniú Rialachán LULUCF<br>*Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite a ndéileálfar leis ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 7 Aibreán 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Nóta cúlra ón Uachtaránacht don Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 7 Aibreán 2022**

*Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú.*

An 14 Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an pacáiste 'Oiriúnach do 55', pacáiste reachtach cuimsitheach arb é is aidhm dó go mbeidh an tAontas in ann na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, eadhon an chéad chéim chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Cé go mbeidh ar gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach, beidh ról na talmhaíochta agus na foraoiseachta, mar fhoinse gás ceaptha teasa agus mar linnte carbóin nádúrtha araon, ríthábhachtach chun neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050.

Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don athbhreithniú ar an Rialachán maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF) an treocht atá ann faoi láthair linn charbóin na hearnála a laghdú.

Don tréimhse 2026-2030, foráiltear sa togra go ndáilfear sprioc **fhoriomlán do 2030 de 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ de ghlanaistrithe GCT san Aontas i measc na mBallstát i bhfoirm spriocanna náisiúnta bliantúla.** Ó 2031 ar aghaidh, **thabharfaí le chéile astaíochtaí neamh-CO2 ón talmhaíocht (arna gcumhdach faoi láthair ag an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) agus earnáil LULUCF atá ann faoi láthair i gcolún nua AFOLU[1], a mbeadh cuspóir aeráidneodrachta aige in 2035, is infheidhme ar leibhéal an Aontais.**

Tionóladh trí dhíospóireacht bheartais (Deireadh Fómhair agus Nollaig 2021 agus Márta 2022) ag an gComhairle Comhshaoil. Tá sé i gceist leis an doiciméad seo a cuireadh faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta cur le díospóireacht bheartais chun rannchuidiú leis an bplé leanúnach, i gcomhréir leis an obair a rinneadh le linn an athbhreithnithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta, agus i gcomhthéacs na Straitéise 'ón bhFeirm go dtí an Forc', na Straitéise Bithéagsúlachta agus Straitéis nua Foraoiseachta an Aontais do 2030.

***

I bhfianaise na mbreithnithe sin, moltar struchtúr a chur ar an díospóireacht bunaithe ar na pointí seo a leanas:

1. ***Comhchuibhiú na modhanna chun astaíochtaí agus aistrithe GCT a thuairisciú ó na hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta agus sainiúlachtaí gach Ballstáit á gcur san áireamh.***

Tógann talamh talmhaíochta agus talamh foraoiseachta suas *40.9 %* agus *39.8 %* faoi seach d'achar dromchla an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí móra idir tíortha maidir le méid, cáilíocht agus cion na dtalún a úsáidtear le haghaidh talmhaíochta agus foraoiseachta, rud a theorannaíonn nó a thacaíonn le cumas gach Ballstáit a bheith rannpháirteach san iarracht chomhchoiteann i leith aistriú GCT.

[1] AFOLU : Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Úsáid Eile Talún (AFOLU). Is éard atá san earnáil sin earnáil LULUCF atá ann faoi láthair (talamh foraoise, talamh talmhaíochta lena n-áirítear féarthailte, bogach, talamh saorga agus talamh eile) agus an chuid talmhaíochta neamh-CO2 atá faoi láthair sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Trí na himthosca sonracha náisiúnta sin a chur san áireamh, ba cheart go bhféadfaí, de réir an Choimisiúin, dáileadh cothrom na hiarrachta arna leithdháileadh ar gach Ballstát a bhunú.

Le linn na bpléití sa Chomhairle, bhí an Coimisiún in ann roinnt pointí modheolaíochta sa togra uaidh a shoiléiriú, tar éis ceisteanna a fháil ó roinnt Ballstát faoi neamhchinnteachtaí maidir le linnte carbóin a ríomh agus sonraí an fhardail náisiúnta a thiomsú. Tá an dóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ag feabhsuithe modheolaíochta ar na fardail, le himeacht ama, ar ríomh linn GCT in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta. Foráiltear do shásra 'ceartúcháin theicniúil' sa togra ón gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Tá níos mó solúbthachta iarrtha ag roinnt toscaireachtaí chun a sprioc náisiúnta a bhaint amach.

2. ***Guaiseacha aeráide agus bitheolaíocha a bhaineann go sonrach le hearnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta a chur san áireamh.***

Tá an talmhaíocht agus an earnáil LULUCF faoi réir go leor guaiseacha nádúrtha agus bitheolaíocha, agus meastar go dtiocfaidh méadú orthu siúd mar thoradh ar an athrú aeráide. Beidh tionchar mór ag eachtraí aimsire eisceachtúla (sioc, triomaigh, dóiteáin foraoise, stoirmeacha, etc.) ar linn charbóin earnáil talún na mBallstát. Sa chomhthéacs sin, áirítear sásraí solúbthachta sa togra ón gCoimisiún, go háirithe chun sainiúlachtaí foraoiseachta na mBallstát, éagsúlachtaí san earnáil ó bhliain go bliain nó luaineachtaí a bhaineann le suaitheadh nádúrtha, a chur san áireamh.

I Meitheal na Comhairle, d'iarr roinnt toscaireachtaí soiléiriú maidir le suaitheadh nádúrtha a áireamh sna sásraí solúbthachta agus na coinníollacha incháilitheachta a bheadh i gceist. D'iarr siad go dtabharfaí aird chuí ar an tionchar a bhíonn ag guaiseacha nádúrtha agus bitheolaíocha ar acmhainneacht aistrithe GCT earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta, amhail teagmhais fhoircneacha (stoirmeacha, dóiteáin, lotnaidí, triomach) chomh maith le tionchar fadtéarmach an athraithe aeráide. Chuir siad chun suntais freisin an gá atá le solúbthacht bhreise agus spriocanna bliantúla á socrú.

3. ***Earnáil AFOLU a chruthú ina n-ionchorpraítear astaíochtaí neamh-$CO_2$ ón talmhaíocht (meatán, ocsaíd nítriúil) agus cuspóir comhchoiteann aici de neodracht carbóin in 2035.***

Cuimsítear sa dréacht-athbhreithniú, ó 2031 ar aghaidh, colún AFOLU d'astaíochtaí agus d'aistrithe $CO_2$ ó thalamhúsáid, ó athrú ar thalamhúsáid, ón bhforaoiseacht, ó ithreacha talmhaíochta agus ó bhithmhais (faoi LULUCF faoi láthair) agus talmhaíocht neamh-$CO_2$ (faoi láthair faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) a chruthú[2]. Leis an gcreat aontaithe sin, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar chomhtháthú na mbeartas éagsúil maidir le bainistiú talún poiblí, agus ar an gcaoi sin aitheantas níos fearr a thabhairt do ról na talmhaíochta agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí i mbeartas aeráide an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, leag an Coimisiún béim sa togra uaidh ar luach na sásraí tacaíochta agus dreasachta d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí chun a n-astaíochtaí a laghdú agus chun gabháil agus stóráil carbóin ina dtalamh nó ina bhforaoisí a mhéadú.

Don tréimhse tar éis 2030, maidir le miondealú chuspóir na neodrachta in 2035, tá sé de cheangal ar na Ballstáit rannchuidiú leis an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach agus ní mór dóibh míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu é sin a dhéanamh ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe faoi Mheitheamh 2024. I bhfianaise na bpleananna a chuirfear isteach, molfaidh an Coimisiún, faoi dheireadh 2025, spriocanna aonair do na Ballstáit agus bearta ar fud an Aontais don tréimhse tar éis 2030. Na spriocanna aonair tar éis 2030 le haghaidh na mBallstát, beidh siad faoi réir measúnú tionchair agus togra reachtach nua.

***

I bhfianaise na ngnéithe sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a thabhairt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

---

2 Ní dhéanfaí ach astaíochtaí ón talmhaíocht a bhaineann le húsáid fuinnimh a eisiamh ó earnáil AFOLU.

1. *Cá mhéad ba cheart na modhanna chun fardail a tharraingt suas a chomhchuibhiú chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom leis na Ballstáit agus saintréithe sonracha talmhaíochta agus foraoiseachta gach tíre á gcur san áireamh?*

2. *An measann tú go gceadaítear leis an togra ón gCoimisiún aird leordhóthanach a thabhairt ar shuaitheadh nádúrtha agus measúnú á dhéanamh ar iarrachtaí na mBallstát a gcuid cuspóirí a bhaint amach?*

3. *Cá mhéad a dhéantar beartais bainistithe talún níos comhsheasmhaí mar gheall ar cholún aonair AFOLU lena gcuimsítear na hastaíochtaí agus na haistrithe go léir ó earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus é mar aidhm leis neodracht AFOLU a bhaint amach in 2035?*